



Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Plean Seirbhíse 2025

Cineál Doiciméid:
Cruinniú Boird:

Plean Seirbhíse
20 Feabhra 2025

Clár Ábhair

Leathanach

1.	Cúlra agus Eolas Staitistiúil	3
2.	Ráiteas Straitéise 2021-2025	5
3.	Tosaíochtaí do 2025	6
4.	Tuarascálacha Airgeadais	62

1. Cúlra agus Eolas Staitistiúil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is muidne an t-údarás stáit um oideachas agus oiliúint do Bhaile Átha Cliath le breis is 3,000 comhalta foirne a chuireann deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil do bhreis is 34,000 duine ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanaimid é seo trí Phobalscoileanna Náisiúnta, Scoileanna Pobail Speisialta, Scoileanna Ospidéal Phobail agus 11 Coláiste Pobail a reáchtáil ar fud na cathrach. Feidhmíonn ár gColáiste BO i gCathair Bhaile Átha Cliath thar cheithre champas sa chathair ag soláthar Iar-Ardteistiméireachta, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus raon deiseanna breisoideachais agus oiliúna do dhaoine fásta.

Táimid freagrach freisin as SUSI, an t-údarás dámhachtana náisiúnta do dheontais mac léinn in Éirinn. Tacaíonn BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú Seirbhísí Óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomh-chomhpháirtí i nGlúin an Cheoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Faigheann an soláthar seo tacaíocht ó raon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhís shíceolaíochta, aonad forbartha curaclaim, aonad caipitil agus cothabhála foirgneamh agus foireann riaracháin na Príomhoifige i nDroichead na Dothra.

Rolluithe Scoile 2024		
Scoil	Líon na nÁiteanna	Líon na Mac Léinn Lánaimseartha Bliain Acadúil 2024/2025
Scoileanna Náisiúnta Pobail	1	147
Scoileanna Ospidéal Pobail	2	100 (ar an meán)
Pobalscoileanna Speisialta	1	36
Coláistí Pobail	11	3,862

Foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) 2024

Cur Síos ar an gClár	Rolluithe: Foghlaimoirí Uathúla De Réir Chatagóir an Chláir	Iomlán
Cláir Lánaimseartha		
Printíseacht 2016 +	635	
Printíseacht Ceardaíochta	568	
CIA (tuairisceáin Dheireadh Fómhair 2024)	7,323	
Oiliúint i Scileanna Sonraithe	1,274	
Ógtheagmháil	782	
Oiliúint Tréimhse Oiliúna	561	
Ionaid Oiliúna Phobail	535	
Soláthraithe Sainoiliúna	467	
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	179	
Cláir Lánaimseartha eile	78	
Líon iomlán na bhfoghlaimoirí i mbun Clár Lánaimseartha		12,402
Cláir pháirtaimseartha		
Oideachas Pobail	5,408	
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	4,439	
ESOL	4,305	
Grúpaí sa Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	1,511	
Scileanna le Dul Chun Cinn	946	
R-Choláiste Ar Líne	443	
Oiliúint um Thráthnóna	440	
Cláir Pháirtaimseartha eile	666	
Líon iomlán na bhfoghlaimoirí i mbun Clár Páirtaimseartha		18,158
Líon iomlán na bhFoghlaimoirí Lánaimseartha agus Páirtaimseartha		30,560

2. Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2021-2025

Déantar cur síos i Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar a mhisean, a fhís agus a ghealltanais mar atá leagtha amach ina dhoiciméad straitéise ‘[Ráiteas Straitéise 2021-2025](#)’.

Misean

Is é an misean atá againn ná seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine i gcathair Bhaile Átha Cliath, a chuireann le forbairt phearsanta an duine aonair chomh maith le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha fhoriomlán na cathrach – ag cabhrú leat foghlaim, ag cabhrú leat fás, ag cabhrú leat forbairt.

Fís

Seo a leanas an fhís atá againn:

- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar sholáthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Oideachas agus Oiliúint atá ionchuimsitheach, proifisiúnta agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil go gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar oideachais i gCathair Bhaile Átha Cliath, gá atá ag forbairt agus ag teacht chun cinn.
- Clár a sholáthar ina gcuirtear cáilíochtaí oiriúnacha agus bealaí chun cinn i dtreo ardchúrsaí oideachais, clár oiliúna agus fostaíochta.
- Seirbhís chuimsitheach don Óige a fhorbairt i gCathair Bhaile Átha Cliath.
- Údarás náisiúnta dámhachtana um dheontais mic léinn atá éifeachtach, faoi bhainistíocht mhaith agus go hiomlán freagrach a chur ar fáil.

Creidiúint

Is é an bunchreideamh atá againn go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain a bheith aige nó aici ar dheiseanna Oideachais agus Oiliúna, a chabhróidh leis nó léi barr a chumais nó a cumais a bhaint amach.

Chun tacú le gach duine barr a chumais nó a cumais a bhaint amach, ní mór dúinn na tréithe seo a leanas a léiriú mar sholáthraí seirbhíse:

Ionchuimsitheach: táimid oscailte do gach foghlaimeoir atá in ann leas a bhaint as na cúrsaí a chuirimid ar fáil agus atá laistigh de scóip reachtaíochta ár seirbhísí.

Measúil: tá meas againn ar an gceart um chóir chomhionann do gach duine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí agus meas á léiriú againn ar chearta an duine aonair, lena n-áirítear meas ar an duine agus ar a cheart nó a ceart chun príobháideachta.

Freagrúil: táimid freagrúil do riachtanais na ndaoine agus na sochaí atá ag athrú, go háirithe riachtanais na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó dífhostaithe.

Cumasaithe: cuirimid deiseanna ar fáil chun daoine a chumasú lena n-acmhainn Oideachais agus Oiliúna a bhaint amach.

3. Tosaíochtaí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2025

Leagtar amach sa phlean seo tosaíochtaí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2025. Sainithníodh na tosaíochtaí atá liostaithe i gcomhréir leis an straitéis ceithre cholún atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2021-2025, agus de réir na bPríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais i gcomhair 2025

Próifíl	Daoine	Oideolaíocht	Próisis
- Féiniúlacht - Fís eagraíochtúil - Cumarsáid	- Cultúr na heagraíochta - Foireann - Foghlaimeoirí - Guth na Foirne/an Mhic Léinn/an Fhoghlaimora - Foireann Forbairt	- Teagasc, Foghlaim agus Measúnú - Tacaíochtaí mic léinn - Aosoideolaíocht	- Córais riaracháin, eagrúcháin agus tacaíochta - Dearbhú cáilíochta - Rialachas

Tá tosaíochtaí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2025 leagtha amach thíos agus úsáideadh an códú dathanna seo a leanas:

- PTFanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath/RO 2025
- Bunscoileanna agus Scoileanna Dara Leibhéal
- Breisoideachas agus Oiliúint (BO)
- Seirbhísí Óige
- SUSI
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)
- Airgeadas/Soláthar

Tosaíocht		Gníomh		Táscaire Feidhmíochta		Sprioc	
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath/RO - PTF		Eispéireas Mic Léinn/Foghlaimeora a Bharrfheabhsú					
■	Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	■	Guth an Fhoghlaimeora a Leabú inár scoileanna, ag cinntiú go bhfuil eispéireas an fhoghlaimeora lárnach i bpróiseas cinnteoireachta ár scoileanna.	■	Tá Comhairle Mac Léinn bunaithe i ngach scoil. Spreagtar na Comhaltaí Foirne sa scoil chun modhanna a fhiosrú agus a chur chun feidhme go gníomhach chun gabháil, aimpliú agus gníomhú ghuth bharántúil an fhoghlaimeora a fheabhsú.	■	Ráithe 1
		■	A chinntiú go gcuirtear raon leathan ábhar agus clár ar fáil, chun freastal ar riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí.	■	Más féidir ba cheart do gach scoil an raon iomlán clár atá ar fáil do mhic léinn a thairiscint (TS, IB, ATF, GCAT, AT, TSCS).	■	Ráithe 3
□		■	Torthaí ón suirbhé bliantúil ar fhoghlaimeoirí sa BOO a roinnt le hionaid agus le foghlaimeoirí.	■	Áirítear le pleananna feabhsaithe cáilíochta na n-ionad gníomhaíochtaí a bhaineann le heispéireas an fhoghlaimeora.	■	Ráithe 3
□		■	Beartais Folláine a bhunú i gcoláistí agus in ionaid.	■	Beartais Folláine bunaithe i gcoláistí agus in ionaid.	■	Ráithe 4
□		■	Plean caipitil a chur chun feidhme le haghaidh mionoibreacha tógála agus athchóirithe (e.g. clár péintéireachta) de réir mar is gá.	■	Feabhas ar thimpeallacht fhisiciúil/aeistéitiúil na foghlama.	■	Go leanúnach

▪	Tacú le daltaí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha	▪	A chinntiú go bhfuil Plean DEIS bunaithe don scoil ag gach scoil. Ba cheart go gcuimseofaí sa phlean DEIS soláthar tacaíochta do mhic léinn ó Phobal an Lucht Siúil agus ón bPobal Romach.	▪	Ba cheart an plean DEIS a chur ar fáil don BB i ngach scoil agus a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Scoileanna.	▪	Ráithe 1 agus ar siúl go leanúnach
□		▪	Tacóidh Cathair Bhaile Átha Cliath le Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath chun acmhainní a chur ar fáil do thionscadail / do sheirbhísí.	▪	Soláthróidh Glúin an Cheoil cláir cheoil for-rochtana in 28 scoil. Lena chois sin, comhoibreofar le Seirbhísí Óige chun ceol a thabhairt chomh fada le daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste ar fud na cathrach.	▪	Go leanúnach
□		▪	A chinntiú go ndírítear gach tacaíocht Shíceolaíoch i gceart agus go n-úsáidtear na tacaíochtaí sin i gceart chun tacú le foghlaimoirí atá i mbaol. Páirt a ghlacadh i gcruinnithe folláine foghlaimora le comhaltaí foirne agus naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha.	▪	Coinneáil agus forbairt foghlaimoirí feabhsaithe.	▪	Ráithe 4
▪	Cinntiú go bhfuil gach beart riachtanach um chosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023)	▪	An Seicliosta Rialachais a dháileadh ar gach ceannaire scoile a chinnteoidh rialachas cuí de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.	▪	Tá na beartais agus na bearta cosanta leanaí riachtanacha ar fad bunaithe ag gach scoil.	▪	Ráithe 1

■	Cinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'lar-bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023)	■	Cúrsaí oiliúna do TAnna/LTAnna agus comhaltaí foirne Sainordaithe ar fáil do gach scoil.	■	Gach scoil le comhlíonadh go hiomlán.	■	Ráithe 1 agus ar siúl go leanúnach
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath/RO - PTF		Cláir Chosanta					
■	Cabhrú leis an RO, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	■	Ár gClár REALT a chur ar fáil agus a leabú go hiomlán, a thacaíonn le foghlaimoirí uile IPAS.	■	Tugtar lántacaíocht do gach scoil le riachtanais agus níl aon fhoghlaimeoir gan áit scoile. Oiliúint le cur ar fáil do scoileanna maidir le dea-chleachtas i leith Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) agus tacú le comhtháthú daoine nua laistigh den phobal oideachais.	■	Ráithe 1
BOO Chathair Bhaile Átha Cliath/RO - PTF		Rialachas					
■	Rátaí freastail ag cruinnithe boird.	■	Ba cheart do Bhoird aonair béim a leagan an athuair ar an ngá atá le freastal ar gach cruinniú Boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas BOOnna.	■	Beidh taifid tinrimh á gcoinneáil ag gach cruinniú agus á bhfoilsíú mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil.	■	Go leanúnach
■	Féinmheasúnuithe Boird	■	Ba cheart do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh de réir an Chóid Cleachtais, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin a shainaithint.	■	Féinmheasúnuithe boird curtha i gcrích.	■	Ráithe 3
□		□		■	Torthaí an fhéinmheasúnaithe pléite agus miontuairiscí scríofa ag cruinniú Boird.	■	Ráithe 4

■	Saineolas airgeadais ar choistí iniúcháireachta agus airgeadais	■	Ba cheart go ndéanfaidh an bord ceapacháin ar choistí iniúcháireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí iniúcháireachta agus airgeadais is gá a thabhairt chun an ról	■	Coistí bunaithe agus ag feidhmiú. Folúntais líonta de réir mar is gá.	■	Go leanúnach
□			.	■	Athbhreithniú bliantúil ar scileanna agus féinmheasúnuithe coiste.	■	Ráithe 3
■	Breithmheas an Bhoird ar obair curtha i gcrích ag Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	■	Ba cheart do chathaoirleach gach Boird a chinntiú go gcuirtear tuairiscí scríofa ar fáil do gach comhalta boird maidir leis an obair atá curtha i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna.	■	Tuairiscí coiste pléite agus miontuairiscí scríofa ag cruinniú Boird.	■	Go leanúnach
■	Féinmheasúnú á Dhéanamh ag Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	■	Ba cheart go gcinnteodh cathaoirleach an choiste iniúchta agus riosca agus cathaoirleach an choiste airgeadais araon go gcuirfear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna.	■	Féinmheasúnuithe coiste curtha i gcrích.	■	Ráithe 3

■	Forbairt Foirne <i>(tá gníomhaíochtaí breise Forbartha Foirne curtha ar fáil sa phlean seo)</i>	■	Ba chóir don phríomhfheidhmeannach a chinntiú -go gceapfar comhalta foirne mar bhainisteoir oiliúna -go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil - go bhforbraítear agus go gcuirtear chun feidhme clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais	■	Bainisteoir Oiliúna ceaptha	■	Críochnaithe
☐		☐		■	Anailís ar riachtanais oiliúna bainistíochta airgeadais a dhéanamh.	■	2025 go leanúnach
☐		☐		■	Clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais forbartha agus curtha i bhfeidhm.	■	2025 go leanúnach
☐		■	Aird na gcomhaltaí foirne agus na gceannairí acadúla ar fad a tharraingt ar FGL.	■	Clár cuimsitheach FGL ar fáil don fhoireann.	■	Go leanúnach
■	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne	■	Caithfidh tuairisceáin chuig an Roinn a bheith cruinn agus caithfear cloí leis an spriocdháta tuairiscithe.	■	Cloífear le spriocdhátaí uile na Roinne agus déanfar iad a rianú i rith na bliana chun comhlíonadh a chinntiú.	■	Arna chinneadh ag gach spriocdháta ar leith

■	Beartas Bainistíochta Riosca	■	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá deartha chun rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí aonáin a bhaint amach a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don choiste iniúchta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	■	Cur i bhfeidhm iomlán an bheartais agus na nósanna imeachta athbhreithnithe do Bhainistíocht Riosca in BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Cláir Chorpáraídeacha agus Stiúrtóireachta i bhfeidhm agus cumas áitiúil maidir le dul chun cinn ar rioscaí de réir mar is gá. Athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta ráithiúla bunaithe go háirithe do rioscaí suntasacha.	■	Bunaithe i Ráithe 1 agus athbhreithniú ráithiúil le déanamh ina dhiaidh sin
□				■	Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca tacaíthe san fheidhm sin ag an bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha. Cruinniú amháin duine le duine ar a laghad a bheith ann leis an gcoiste chun bainistíocht riosca agus rianú iniúchta a phlé.	■	Ráithe 1 agus le linn 2025
□				■	Cruinniú amháin ar a laghad leis an gcoiste chun bainistíocht riosca agus rianú iniúchta a phlé.	□	Ráithe 1 agus ar siúl go leanúnach
■	Rialuithe Inmheánacha	■	Cinntoidh Bord gach BOO go bhfaighidh sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.	■	Cinntoidh comhaltaí an Bhoird go bhfaighidh siad dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. An úsáid éifeachtúil a bhaintear as acmhainní airgeadais agus foirne a uasmhéadú ar fud na scéime.	■	Oibleagáidí reachtacha agus rialála a chomhlíonadh. Leanúnach agus de réir an Chóid Rialachais
Colún 1 Sprioc Straitéiseach 1		Fís eagraíochtúil agus féiniúlacht BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar an soláthraí roghnaithe chun seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar agus mar éascaitheoir seirbhísí óige i gcathair Bhaile Átha Cliath					

■	Feasacht an phobail ar sholáthar oideachais agus ar sheirbhísí óige BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a mhéadú ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	Seolfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath feachtas ilmheán ar fud na cathrach chun tacú le soláthar oideachais.	■	Mar chuid den fheachtas ilmheán seo tabharfar léargas ar éachtaí na mac léinn atá ag freastal ar scoileanna BOO Bhaile Átha Cliath sula dtosófar ag glacadh le hIontrálacha 2026 2027.	■	Ráithe 3
□		■	Ár Straitéis Athbhrandála a neadú go hiomlán	■	Beidh suíomh gréasáin ag gach scoil agus beidh an bhrandáil cheart le feiceáil. Lena chois sin, taispeánfar an Beartas Iontrála agus an Fógra Iontrála ar an suíomh gréasáin mar aon le príomhbheartais ionas go mbeidh páirtithe leasmhara scoile in ann rochtain a fháil orthu.	■	Ráithe 2
■	Claochlú amach shamhail Choláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme tuilleadh	■	Sócmhainní agus acmhainní poiblíochta aontaithe a chruthú do Choláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	Tacar tosaigh de shócmhainní agus d'acmhainní poiblíochta a chruthú.	■	Ráithe 2
□		■	Láithreacht aontaithe a chruthú do Choláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag Higher Options agus Scileanna Domhanda agus Xplore.	■	Feachtas poiblíochta aontaithe agus comhsheasmhach do gach imeacht.	■	Ráithe 3

■	Réimse leathan deiseanna a chruthú chun luach na hoibre óige a chur chun cinn ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath	■	Sárthaispeántas a thabhairt ar obair óige a bhfuil tacaíocht a chur ar fáil di ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear obair agus éachtaí na dtionscadal/seirbhíse oibre óige agus clubanna/grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha.	■	Éascaítear agus tacaítear le himeachtaí a thugann sárthaispeántas ar obair óige i rith na bliana ar bhonn téamach. Cuireadh forbairt shuíomh gréasáin Sheirbhísí Óige Bhaile Átha Cliath i gcrích agus seoladh é i Ráithe 1 2025. Bíonn postálacha le feiceáil ar ardáin meán sóisialta BOO chun aird a tharraingt ar obair óige nuair a bhíonn cláir agus imeachtaí á reáchtáil. Nuair is cuí, úsáidfear marsantacht bhrandáilte agus preab-bhrandáil chun feasacht maidir le Seirbhís Óige/BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chruthú.	■	Ráithe 1 - 4 Seoladh an tSuímh Gréasáin Ráithe 1 Postálacha Ráithe 1- Ráithe 4
■	An soláthar oibre don aos óg faoi stiúir oibrithe deonacha a chur chun cinn ar fud chathair Bhaile Átha Cliath	■	Imeachtaí chun aitheantas a thabhairt do agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar Obair Óige a dhéanamh go Deonach ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath reáchtáilte i rith 2025.	■	Dhá imeacht chun obair dheonach a cheiliúradh agus chun feasacht a chothú ar bhuntáistí na hoibre deonaí eagraithe in 2025.	■	Ráithe 2 agus Ráithe 4
□		■	Straitéis oibrithe deonacha a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.	■	Straitéis seolta agus plean feidhmithe leagtha amach de réir ama.	■	Ráithe 1 - Ráithe 4
■	Cur chuige bunaithe ar shonraí a éascú laistigh d'earnáil na hoibre óige i gCathair Bhaile Átha Cliath	■	A chinntiú go ngabhtar agus go n-úsáideann an BOO sonraí a sholáthraíonn tionscadail/seirbhís agus clubanna/grúpaí trí na meicníochtaí tuairiscithe éagsúla agus tríd an mbailiú sonraí saincheaptha nuair a bhíonn pleananna agus tionscnaimh á bhforbairt.	■	Sonraí agus aiseolas a ghabháil ó pháirtithe leasmhara agus sonraí a sholáthar i bhformáid achomair inúsáidte do na páirtithe leasmhara go léir agus iad a chur chun cinn/a scaipeadh.	■	Ráithe 1- Ráithe 4

Colún 1 Sprioc Straitéiseach 2		Próifíl BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a ardú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta agus cur le beartas náisiúnta oideachais agus oiliúna a mhúnlú agus a sheachadadh					
■	Próifíl réigiúnach agus náisiúnta BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú trí rannpháirtíocht ghníomhach le BOOÉ.	■	Glacfaidh BOO Bhaile Átha Cliath páirt i gcomhdhálacha agus i bhfórais oideachais réigiúnacha agus náisiúnta.	■	Beidh ionadaithe ó scoil amháin ar a laghad i láthair ag comhdháil náisiúnta i mbliana. Méadú 10% ar líon na gCeannairí Sinsearach atá ag freastal ar BOOÉ agus ar CNPLP i mbliana.	■	Ráithe 3
□		■	Leanúint ar aghaidh ag plé le coistí BOOÉ chun a chinntiú go gcloistear guth Chathair Bhaile Átha Cliath	■	Beidh baint ag an Stiúrthóir Scoileanna le coiste / meitheal BOOÉ amháin ar a laghad agus déanfaidh sé nó sí cur i láthair bunaithe ar cheantar ag cruinniú BOOÉ.	■	Ráithe 4
■	Díriú ar phróifíl áitiúil BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt de réir an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Leibhéal náisiúnta.	■	An tsamhail champais a úsáid chun aiseolas lárnach a fhorbairt ó ionadaithe de cheannairí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath atá páirteach i líonraí agus i gcomhpháirtíochtaí ar fud na cathrach.	■	An ionadaíocht reatha a dhoiciméadú.	■	Ráithe 1
□		■	An tsamhail champais a úsáid chun aiseolas lárnach a fhorbairt ó ionadaithe de cheannairí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath atá páirteach i líonraí agus i gcomhpháirtíochtaí ar fud na cathrach.	■	Sásra aiseolais a dhearadh agus a chur chun feidhme.	■	Ráithe 3
■	Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	■	Deasc chabhrach páirtithe leasmhara. Cúrsaí oiliúna do pháirtithe leasmhara. Oibriú le grúpa comhairleach. Caidreamh leis na meáin.	■	Ráta freagartha agus dearbhú cáilíochta. Leibhéil rannpháirtíochta. Leibhéil teagmhála. Clúdach na meán.	■	Ríomhphoist a admháil laistigh de 3 uair an chloig oibre agus ríomhphoist a fhreagairt laistigh de 3 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. Go leanúnach

■	Feachtais Faisnéise Náisiúnta	■	Feachtas feasachta clabhsúir tosaíochta.	■	Líon na n-iarratas nua agus athnuachana faighte faoin spriocdháta tosaíochta.	■	Iarratais Nua - 55% faighte faoin spriocdháta tosaíochta. Iarratais Athnuachana - 75% faighte faoin spriocdháta tosaíochta.
■	Cumarsáid le Mic Léinn	■	Clár for-rochtana agus imeacht fíorúil. Feachtas meabhrúcháin athnuachana. Deasc tacaíochta.	■	Leibhéil teagmhála. Líon na n-iarratas athnuachana faighte. Ráta Tréigthe Glaonna. Ráta Freagartha. Dearbhú Cáilíochta.	■	Go leanúnach Iarratais Athnuachana - 75% faighte faoin spriocdháta tosaíochta. <5% ráta tréigthe glaonna. 70% de ghlaonna freagartha laistigh de 30 soicind. 95% de ríomhphoist freagartha laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. 95% de theachtaireachtaí príobháideacha meán sóisialta freagartha laistigh de 1 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. >85% Scór cáilíochta.
■	Cur le forbairt beartais agus cleachtais in obair don aos óg	■	Téigh i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir le cleachtais agus beartais a fhorbairt atá ábhartha d'obair óige lena n-áirítear iad siúd a bhfuil tionchar acu ar earcú agus ar choinneáil Oibrithe Óige agus ar inbhuanaitheacht Oibre Óige. A chinntiú go bhfuil guth na ndaoine óga agus na seirbhísí lárnach sa treo beartais.	■	Rannpháirtíocht/Aiseolas na bpáirtithe leasmhara agus tuairimí/dearcthaí pháirtithe leasmhara a ghabháil le cur faoi bhráid an RLCMLÓ.	■	Ráithe 1- Ráithe 4
□		■	Sraith seimineár a éascú chun acmhainní agus eolas a roinnt ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	Reáchtálfar 4 sheimineár ar a laghad chun freagairt do shaincheisteanna, do riachtanais sainaitheanta.	■	Ráithe 1 - Ráithe 4

Colún 1 Sprioc Straitéiseach 3		Bunluachanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a fheabhsú agus na luachanna sin a leabú i ngnáthaimh agus i gcleachtais laethúla chun seirbhís agus tacaíochtaí an-éifeachtach a sholáthar do gach mac léinn, foghlaimeoir agus páirtí leasmhar					
■	Comhtháthú an Éitis agus na mBunluachanna laistigh dár scoileanna agus i measc ár gcomhaltaí foirne a threisiú, le tacaíocht ó BOOÉ.	■	Eagróidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath dhá sheisiún oiliúna maidir le hÉiteas agus Bunluachanna don fhoireann ar fad. Seisiún amháin i Ráithe 1 agus seisiún amháin i Ráithe 3.	■	Freastalóidh 80% ar a laghad de na comhaltaí foirne nua i scoileanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar cheann amháin de na dátaí oiliúna ar a laghad.	■	Ráithe 3
□		■	Obair ár gComhordaitheoirí Éitis agus Múinteoirí Ceannasaithe Éitis a chur chun cinn agus a leabú tuilleadh. Cúrsaí oiliúna FICL a chur ar fáil do gach múinteoir ábhartha.	■	Tairgfídh gach scoil an curaclam FICL agus MMMT don bhliain acadúil 2025 2026.	■	Ráithe 3
■	Deiseanna a chur ar fáil do chomhaltaí foirne chun ionchur a sholáthar do bhunluachanna Chathair Bhaile Átha Cliath	■	Cruinnithe comhchéime ar líne le reáchtáil chun deis a thabhairt do chomhaltaí foirne cabhrú le bunluachanna BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a leabú ar fud BOO.	■	Cruinnithe comhchéime reáchtáilte agus comhaltaí foirne ó shampla ionadaíoch de sheirbhísí agus de champais i ndiaidh freastal orthu.	■	Ráithe 3
■	Plean Gníomhaíochta Dualgas na hEarnála Poiblí	■	Tacú leis an Dréachtphlean Gníomhaíochta CÉI reatha agus eolas maidir leis a roinnt. Páirt a ghlacadh i Meitheal Earnála Poiblí HO.	■	Bailchríoch ar chur ar Phlean CÉI do SUSI a bheidh ailínithe leis an gcur chuige HO.	■	Ráithe 4
■	Luachanna SUSI a ionchorprú in ábhair oiliúna agus ionduchtaithe inmheánacha	■	Leanúint ar aghaidh le gnéithe FE de CÉI lena n-áirítear Ionduchtú, oiliúint cheannaireachta agus Straitéis LandD.	■	Freastalaíonn gach comhalta foirne nua ar chúrsa ionduchtaithe cuimsitheach. Cuirtear luachanna san áireamh sna cúrsaí oiliúna ceannaireachta ar fad.	■	Go leanúnach

■	Bunluachanna a neadú laistigh d'oibríochtaí rannpháirtíochta Sheirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath le hearnáil na hoibre óige.	■	Éascaíonn ceardlanna luachanna do chomhaltaí foirne laethanta comhoibrithe trasfhoirne.	■	Dhá sheisiún éascaithe do chomhaltaí foirne chun dlús a chur leis an gcomhrá faoi luachanna	■	Ráithe 1 - Ráithe 4
Colún 1 Sprioc Straitéiseach 4		Cumarsáid agus comhoibriú an-éifeachtach a chothú laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di					
■	Cleachtais nuálacha ónár scoileanna a roinnt mar shamhlacha dea-chleachtais.	■	Forbróidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a Phreabchruinnithe chun deis a thabhairt do chomhaltaí foirne dea-chleachtais agus tionscadail nuálacha a roinnt.	■	Beidh 6 Phreabchruinniú ar a laghad ar fáil do gach comhalta foirne in BOO Bhaile Átha Cliath chun cleachtais / tionscadail nuálacha a roinnt.	■	Ráithe 4
■	Líonraí agus struchtúir chumarsáide fheidhmiúla éagsúla a leabú ar fud an Choláiste BOO i réimsí seirbhíse agus i gcampaís éagsúla	■	Sásra a chur chun feidhme chun aiseolas a thiomá ó na cruinnithe campais agus chun freagracht as gníomhartha a shannadh.	■	Sásra deartha agus leagan píolótach réachtáilte.	■	Ráithe 2
□		■	Sásra a chur chun feidhme chun aiseolas a thiomá ó chruinnithe cheannasaithe Sfear Seirbhíse BOO agus chun freagracht as gníomhartha a shannadh.	■	Sásra deartha agus leagan píolótach réachtáilte.	■	Ráithe 2
□		■	Líonraí Sonraí BOO a chur chun feidhme do gach sfear seirbhíse chun comhsheasmhacht a fhorbairt i ndáil le gabháil sonraí agus cleachtais tuairiscithe ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	Líonraí bunaithe agus cruinnithe rialta eagraithe.	■	Ráithe 1
■	Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú	■	Cur leis an méid ábhair a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin BOO Chathair Bhaile Átha Cliath	■	Anailísíocht foilseachán suímh gréasáin tuairiscithe do TUC ar bhonn ráithiúil.	■	Foilseachán amháin in aghaidh na míosa ar a laghad

			agus an úsáid atá á baint as an suíomh a mhéadú.				
☐		▪	Cur leis an méid úsáide atá á baint as cainéil meán sóisialta BOO Bhaile Átha Cliath trí ábhar spéisiúil a chur ar fáil go rialta.	▪	Anailísíocht Meán Sóisialta tuairiscithe do TUC ar bhonn Ráithiúil.	▪	4% d'fhás ar líon na ndaoine a úsáideann an t-ábhar (meánlíon ar fud na gcainéal) de réir na ráithe
☐		▪	Podchraoladh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a sheoladh mar ardán chun scéal BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a insint.	▪	Podchraoladh seolta agus aird neart éisteoirí tarraingthe air.	▪	Seoladh an podchraoladh i Ráithe 2
☐		☐		▪	Eagrán den phodchraoladh foilsithe go rialta.	▪	6 eagrán a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana
☐		▪	Oibriú leis na meáin áitiúla agus náisiúnta chun nuacht agus seirbhísí BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn nuair is gá.	▪	Preaseisiúintí foilsithe agus poiblíocht déanta.	▪	Go leanúnach de réir mar is gá
☐		▪	Leanúint ar aghaidh ag tacú le caighdeánú an bhranda agus na teachtaireachta ar fud na heagraíochta.	▪	Iniúchtaí lárnacha ar an mbranda digiteach le cur i gcrích go bliantúil agus aiseolas saincheaptha le cur ar fáil d'ionaid.	▪	Le tosú i Ráithe 1 agus ar siúl go leanúnach
▪	Cumarsáid inmheánach a fheabhsú	▪	Inlíon foirne nua SharePoint a sheoladh mar stór lárnach d'fhaisnéis d'fhoireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	▪	An t-inlíon beo agus inrochtana don fhoireann ar fad sna hionaid ar fad.	▪	Seoladh i Ráithe 2
☐		▪	Nuachtlitir foirne nua le seoladh	▪	Nuachtlitir foirne foilsithe go rialta.	▪	Go ráithiúil
☐		▪	Tacú le agus cur le hacmhainn Mheitheal Chumarsáide BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	▪	Cruinnithe rialta reáchtáilte agus eolas agus acmhainní malartaithe.	▪	Cruinnithe désheachtainiúla i rith am téarma agus cruinnithe míosúla lasmuigh d'am téarma.

■	Chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chainéil chumarsáide éifeachtacha ar fud na heagraíochta ar mhaithe le tacú le dea-chleachtas a chur chun feidhme i ndáil le bainistíocht airgeadais	■	Óstáil tionscnamh oiliúna spriocdhírithe do Phríomhoidí/Cinn Ionaid agus foireann riaracháin ionaid lena n-áirítear Ionaid Oiliúna.	■	Roinnt seisiún oiliúna/cumarsáide spriocdhírithe a eagrú chun díriú ar an méid seo a leanas: a) Réimsí feidhme airgeadais b) Buiséadú agus tuairisciú ionaid costais/airgeadais c) Nuashonruithe P2P	■	2025 go leanúnach
□		■	Freastal ar chruinnithe Príomhoidí/Cinn Ionaid.	■	An fheidhm airgeadais le cur i láthair a dhéanamh ag cruinnithe na Foirne Bainistíochta Sinsearaí ar bhonn tréimhsiúil.	■	2025 go leanúnach
□		■	Cumarsáid le páirtithe leasmhara buiséid a fheabhsú.	■	An fheidhm airgeadais le bualadh le páirtithe leasmhara buiséid ar bhonn tréimhsiúil. Ionad costais míosúil agus tuairiscí airgeadais eile curtha ar fáil go tráthúil.	■	2025 go leanúnach
■	Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chumarsáid éifeachtach ar fud na heagraíochta chun tacú le dea-chleachtas soláthair a chur chun feidhme	■	Nuashonruithe faisnéise tréimhsiúla a chur i dtoll a chéile do chomhaltaí foirne ábhartha in aonaid agus in ionaid ghnó chun tacú le dea-chleachtais soláthair, chun comhlíonadh soláthair a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar aon fhorbairt shuntasach sa réimse soláthair.	■	Nuashonruithe tairisceana agus ceanglais faisnéise tairisceana a eisiúint ar bhonn tréimhsiúil. Cothabháil agus nuashonrú faisnéise tagartha ar Shuíomh SharePoint P2P nua	■	2025 go leanúnach
□		■	Tionscnaimh oiliúna spriocdhírithe a óstáil.	■	Seisiún oiliúna spriocdhírithe a óstáil d'úsáideoirí ar an gcóras P2P nua. Seisiún oiliúna spriocdhírithe eile a óstáil de réir mar is gá.	■	2025 go leanúnach

■	Cumarsáid Sheachtrach SUSI	■	Gréasáin SUSI Caidreamh leis na Meáin Cainéal Meán Sóisialta Fógraíochta Clár For-rochtana	■	Anailísíocht Suíomh gréasáin Clúdach na Meán Leibhéil Teagmhála Aimsiú Lucht Féachana Leibhéil Rannpháirtíochta	■	Go leanúnach
■	Tionscnaimh Chumarsáide Inmheánaigh	■	Hallaí Baile Nuashonruithe FB SUSI Fóram Foirne SUSI Cruinnithe Tras-chomhoibríocha	■	Rannpháirtíocht leanúnach le fóram Foirne SUSI Hallaí Baile téamacha. Nuashonruithe Seachtainiúla ón FB.	■	Go leanúnach
□		■	Suirbhé ar Rannpháirtíocht Foirne	■	Chéad Suirbhé Rannpháirtíochta SUSI scaipthe ar na comhaltaí foirne ar fad. Freagraí faighte ón bhfoireann.	■	Ráithe 2
■	Comhoibriú méadaithe le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear líonraí oibre don aos óg a óstáil chun comhoibriú a chinntiú ag leibhéal áitiúil.	■	Líonraí ceantarbhunaithe do chomhaltaí foirne tionscadail oibre óige.	■	Éascaíodh cruinnithe líonra ar fud na bpobal le tionscadail/seirbhísí oibre óige i gcathair Bhaile Átha Cliath.	■	Ráithe 1 - Ráithe 4
Colún 1 Sprioc Straitéiseach 5		Líonraí straitéiseacha agus comhpháirtíochtaí gníomhacha agus freagrúla a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara i gcomhthéacs gilleagair agus sochaí atá ag athrú					
■	Deiseanna éifeachtacha chun Forbairt na Foghlama Gairmiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn.	■	Forbróidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath féilire forbartha gairmiúla cuimsithí le deiseanna foghlama éagsúla.	■	Beidh béim agus torthaí foghlama ar leith luaite le LFPanna. Is é an aidhm atá leis sin cur le líon na ndaoine atá ag freastal ar LFPanna. Líon na ndeiseanna LFPanna le méadú.	■	Ráithe 1 agus ar siúl go leanúnach

■	Fís straitéiseach chomhaontaithe a chruthú do ról Chathair Bhaile Átha Cliath mar phríomhthiománaí de chlaohlú foirne oibre agus tairbhe a bhaint as sin chun ár dtairiscintí le príomhpháirtithe leasmhara a chur chun cinn.	■	Feachtas poiblíochta lárnach a reáchtáil ar bhonn píolótach do Scileanna le Dul Chun Cinn trí mhicridhintiúir scileanna glasa.	■	An scéim phíolótach do scileanna glasa a sheoladh.	■	Ráithe 1
□		■	Feachtas poiblíochta lárnach a reáchtáil ar bhonn píolótach do Scileanna le Dul Chun Cinn trí mhicridhintiúir scileanna glasa.	■	Rath an tionscadail phíolótaigh a mheas agus samhail a fhorbairt do thionscnaimh amach anseo.	■	Ráithe 3
□		■	Grúpa Comhairleach a bhunú chun tacú le forbairt straitéiseach cúrsaí treasacha ar fud Choláiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	An grúpa a bhunú agus bailchríoch a chur ar TTanna.	■	Ráithe 1
□		■	Treochlár agus amlíne a fhorbairt chun printíseachtaí nua a fhorbairt i gColáiste BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.	■	An treochlár agus an amlíne a chur i gcrích.	■	Ráithe 4
□		■	Caidreamh le comhlachtaí ionadaíocha a leathnú agus a fhorbairt, le Fiontraíocht Éireann, CGNMÉ, Comhlachais Tráchtála agus an Fóram Réigiúnach Scileanna mar shampla.	■	Níos mó feasachta ar an méid atá á sholáthar againn.	■	Ráithe 1

☐		Cur le soláthar na gclár Cosáin chuig Printíseacht chun deiseanna rochtana do phrintísigh nua a fheabhsú.	Aistriú saoráideach foghlaimeoirí chuig Cláir Phrintíseachta atá bunaithe cheana.	Ráithe 2
☐		Níos mó teagmhála leis an tionscal chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun fostaithe a uasoiliúint.	Níos mó daoine ag baint tairbhe as Scileanna le Dul Chun Cinn.	Ráithe 1
☐		Saineolaithe tionscail a spreagadh chun cur le forbairt clár oiliúna sonrach lena n-áirítear micridhintiúir.	Cur leis an raon micridhintiúr trí bhailíochtú difreálach.	Ráithe 2
Cur leis an gcaidreamh atá ag páirtithe leasmhara faoi láthair	Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre náisiúnta BOOÉ a mhéadú	Freastalaíodh ar chruinnithe mheitheal BOOÉ agus roinneadh eolas ábhartha ar fud na heagraíochta.	Rannpháirtíocht leanúnach i rith 2025	
Fóraim rannpháirtíochta Príomhpháirtithe Leasmhara	Cruinnithe agus Nuashonrú an Ghrúpa Chomhairligh.	Leibhéil Teagmhála	Go leanúnach	
☐		Deasc Pháirtithe Leasmhara	Ráta Freagartha Dearbhú Cáilíochta	Ríomhphoist a admháil laistigh de 3 uair an chloig oibre agus ríomhphoist a fhreagairt laistigh de 3 lá oibre i ndiaidh iad a fháil.

☐		▪ Deasc Tacaíochta	▪ Ráta Tréigthe Glaonna Ráta Freagartha Dearbhú Cáilíochta	▪ <5% ráta tréigthe glaonna. 70% de ghlaonna freagartha laistigh de 30 soicind. 95% de ríomhphoist freagartha laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. 95% de theachtaireachtaí príobháideacha meán sóisialta freagartha laistigh de 1 lá oibre i ndiaidh iad a fháil. >85% Scór cáilíochta.
☐		▪ EAGRAÍOCHT RBATNE-SUSI Cruinnithe Ráithiúla Fochóiste Airgeadais RBATNE Freastalaíodh ar Chruinniú Pleanála RBATNE, RBATNE-SUSI GIF Meitheal Theicniúil	▪ Bhí dhá chruinniú EAGRAÍOCHTA agus cruinniú bliantúil GIF sceidealaithe agus ag freastal orthu bhí ionadaithe ó SUSI RBATNE agus BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Cruinniú bliantúil GIF le RBATNE Ceithre chruinniú ráithiúla den Fhochóiste Airgeadais. Meitheal Theicniúil le reáchtáil go fíorúil le gach IAO agus Táillí Páirtaimseartha le cur san áireamh. Lean ionadaí RBATNE ar aghaidh ag freastal ar Phleanáil Oscailte SUSI ar bhonn míosúil.	▪ Tá gach cruinniú le RBATNE atá riachtanach faoin FI le sceidealú de réir mar atá leagtha amach.
☐		▪ BADML agus Pearsanra Riaracháin BADML.	▪ Cinntí an Bhoird Achomhairc i leith Deontais Mic Léinn (BADML)	▪ Faoi Ráithe 3
☐		▪ Leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh do mheasúnú Sparánacht 1916 (IAO, ÚAO, COÉ, RBATNE).	▪ Cruinniú seachtainiúil reáchtáilte le ceannairí braislí agus le RBATNE.	▪ Go leanúnach. Leanúint ar aghaidh le cruinnithe in 2025.

☐		▪ Tionscadail taighde POS agus ÚAO.	▪ Cruinniú comhoibrithe míosúil le foireann Anailíse Sonraí SUSI agus POS/ÚAO. Cur i láthair agus nuashonruithe ráithiúla do ghrúpa stiúrtha SUSI/RBATNE.	▪ Míósúil agus ráithiúil
☐		▪ Grúpa taighde earnálacha POS Grúpa Idirchaidrimh Oideachais RBATNE Tacaíochtaí Treasacha Bord Stiúrtha.	▪ Cruinniú ráithiúil a raibh foireann Anailíse Sonraí SUSI ag freastal air. Soláthraíonn SUSI nuashonruithe don ghrúpa maidir le tionscadail POS agus ÚAO.	▪ Go ráithiúil
☐		▪ Comhpháirtithe Comhroinnte Sonraí, Na Coimisinéirí Ioncaim, RCS, RTBM, RO, LOI.	▪ Acmhainní digiteacha nua a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe comhroinnte sonraí.	▪ Malartú sonraí API ÚAI nua le SUSI le bheith ar fáil beo in 2025
